



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curraim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach: Ceol

Modúl Roghnach

I gcomhair comhairliúcháin

Samhain 2025

## Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach (CFL1SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL1SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl roghnach is ea ceol.

Modúl amháin atá sa Cheol. Ceapadh é le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|----------------|---------------------------------|
| Ceol           | 60                              |

## Réasúnaíocht

Cuirtear go mór le forbairt an duine iomláin nuair a fhoghlaimítear trí na healaíona. Féadfaidh ceol a bheith ar an meán trínar féidir le scoláirí iad féin a chur in iúl. Is é is aidhm don mhodúl roghnach seo ná rannpháirteachas fisiciúil, céadfach, sóisialta agus mothúchánach na scoláirí a fhorbairt agus tacú leo trí dheis a thabhairt do na scoláirí gcuid smaointe, mothúchán, machnaimh agus eispéireas, mar aon leis an gcaoi a mbraitheann siad, a fhiosrú, a chur in iúl agus a léiriú ar bhealaí briathartha agus neamhbhriathartha.

Is meán fionnachtana é an ceol, a ligeann do scoláirí díriú ar an bhfreagairt agus ar an bhféinléiriú tríd an gceol. Tríd an éisteacht, freagairt ar agus cruthú ceoil, aithníonn na scoláirí láithreach agus ról an cheoil ina saol laethúil. Aithníonn an scoláire go dtimpeallaíonn ceol iad, idir an dúlra, na meáin, an scoil agus a bpobal áitiúil. Tá gnéithe de phatrún, d'fhuaime, de struchtúr, de ghluaiseacht, de chreathadh agus de rithim, atá bunúsach i ngnáth-thimpeallacht, le feiceáil sa cheol. Nuair a fhoghlaimíonn scoláirí go dtimpeallaíonn an ceol iad, cabhraíonn sé leo a bhfuil thart orthu a léirmhíniú, a éascaíonn nasc lena dtimpeallacht áitiúil. Cabhraíonn an ceol leo ciall a bhaint as an saol.

Tríd an modúl roghnach seo, cabhraítear leis na scoláirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngach cineál ceoil ar scoil, sa bhaile agus sa phobal, trí thaitneamh a bhaint as réimse gníomhaíochtaí agus eispéireas ceoil. Cuirtear dlús le folláine na scoláirí ar an iomlán, de réir mar a théann siad trí réimse gníomhaíochtaí ceoil i suíomh neamhfhoirmiúil ach struchtúrtha agus tacúil. Leis an taithí sin, braithfidh na scoláirí go bhfuil éacht déanta acu.

Táthar ceaptha taitneamh a bhaint as an gceol. Cuireann forbairt thuiscint agus léirithuiscint na scoláirí ar an gceol le forbairt na bpríomhinníúlachtaí sa tsraith shinsearach agus a mhalairt. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus cuirtear forbairt scileanna saoil tábhachtacha chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe do na scoláirí ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann siad dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn siad chuig an saol tar éis na scoile.

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Leis an gceol, cuirtear chun cinn foghlaim agus eispéiris na scoláirí i gCuraclam na Bunscoile agus sa Chreat don tSraith Shóisearach agus tógtar orthu. Tacaíonn an foghlaim tríd an gceol go sonrach le príomhscileanna ón tsraith shóisearach a fhorbairt, príomhscileanna a bhaineann le féinbhainistiú, le fanacht folláin, le cumarsáid a dhéanamh, le bheith cruthaitheach, le bheith ag obair le daoine eile agus le heolas agus smaointeoireacht a bhainistiú. Cuirtear chun cinn sa

mhodúl freisin forbairt agus foghlaim i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga, comhordú luaile agus scileanna fóillíochta.

Is é is aidhm don mhodúl Ceoil príomhinniúlachtaí sraithe sinsearaí na scoláirí a fhorbairt, is iad sin cumarsáid, bheith cruthaitheach agus bheith ag obair le daoine eile, an neamhspleáchas a chur chun cinn, chomh maith le braistint gaisce agus muiníne a sholáthar do na scoláirí ina gcuid foghlama. Tacaítear agus cuirtear dlús le folláine na scoláirí ar an iomlán tríd seo.

Tugtar deiseanna do na scoláirí a léiriú conas is féidir an fhoghlaim a fhaightear anseo a nascadh leis an bhfoghlaim roimhe seo, le modúil agus réimsí curaclaim eile, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil, agus a gcuid foghlama á cur i bhfeidhm i réimsí amhail Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Corpoideachas, Amharc-ealaín, Dráma agus Cúram Pearsanta. Tá an méid sin ina chuidiú chun foghlaim a neartú agus inniúlacht na scoláirí a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú, bheith cruthaitheach, iad féin a chur in iúl, a gcuid mothúcháin agus smaointe a fhiosrú ar bhealaí éagsúla. Téann an fhoghlaim seo chun tairbhe do na scoláirí ar chuid mhór bealaí agus tacaíonn sí leo mar a dhéanann siad dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn siad chuig an saol tar éis na scoile.

## Teagasc agus foghlaim

Scáth-théarma atá i gceol a chlúdaíonn eispéiris agus gníomhaíochtaí foghlama a bhaineann leis an gceol. Is féidir le ceol a bheith i bhfoirm éisteachta, freagartha, rannpháirtíochta nó cruthaithe. Leagtar béim sa mhodúl roghnach seo ar an rannpháirtíocht ghníomhach, ar an rannpháirtíocht shóisialta, agus ar an bhfoghlaim eispéireasach phraiticiúil agus ar an bhfiosrú céadfach ar an gceol.

Tá tuiscint nádúrtha ar an gceolmhaireacht ag gach duine ar féidir í a fhorbairt agus a fhiosrú trí ghníomhaíochtaí. Baineann na scoláirí na torthaí foghlama amach trí mheán na ngníomhaíochtaí. Mar sin, is féidir le scoileanna scoláirí a spreagadh bheith rannpháirteach i réimse gníomhaíochtaí atá deartha chun a chur ar a gcumas taitneamh a bhaint ar an saol ceolmhar timpeall orthu. Is féidir le scoláirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí aonair nó mar chuid de ghrúpa freisin agus ba cheart cuid mhór deiseanna a thabhairt dóibh chun taithí a fháil ar na gnéithe spráíúla, cruthaitheacha agus sóisialta a bhaineann leis an gceol.

Trí thionscadail chomhoibríocha tacaítear le hidirghníomhaíocht shóisialta agus cumarsáid de réir mar a phléann na scoláirí lena bpiarghrúpa agus leis an bpobal níos leithne. Is féidir le gach gníomhaíocht a bheith faoi threoir an mhúinteora nó an scoláire, tacaíthe nó samhaltaithe, mar is cuí. Féadfaidh do scoláirí freagairt ar cheol nó fuaimeanna éagsúla ceoil a chur in iúl trí athruithe sa ghotha gnúise, corraí súl, gluaiseacht an choirp, guthaíocht, aird amhairc, freagairt fhisiciúil nó aon bhealach de réir mar is iomchuí do gach scoláire. Cé go liostáiltear smaointe áirithe, tá an tsolúbthacht ag scoileanna a gcuid gníomhaíochtaí féin a sholáthar ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, ar chonláistí áitiúla agus ar ábhair spéise, láidreachtaí agus cumais na scoláirí.

Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar ghníomhaíochtaí, ach gan bheith teoranta dóibh:

- Fiosrú ar uirlis cheoil
- Frásaí, rímeanna, amhráin a chasadh i ngrúpaí nó ina n-aonar. Is féidir íomhánna, Lámh nó TCÉ a úsáid
- Am scéalaíochta le ceol
- Cluichí rithime agus gluaiseachta le ceol
- Cluichí chun nasc a dhéanamh idir an ceol agus mothúcháin
- Am freagartha-seinn fuaime nó rithim agus mol an scoláire freagairt di le huirlis cheoil
- Am scíthe ceoil

- Cruthaigh d'uirlis cheoil féin
- Am scéalaíochta ceoil
- Rince na nDealbh
- Seinn ceol agus lig do na scoláirí dul ag péinteáil, ag tarraingt nó ag dathú chun a mothúcháin a chur in iúl
- Gníomhaíochtaí cumarsáide ceoil amhail glao agus freagairt a chasadh, bualadh bos rithimiúil, cnagcheol colainne nó gluaiseacht léiritheach
- Am jeamála le huirlisí ceoil
- Éisteacht le liricí
- Ceol digiteach a chumadh
- Cór
- Dráma nó ceoldráma scoile
- Cuairteanna chuig imeachtaí ceoil
- Aoicheoltóirí.

Tacaítear sa Cheol le gníomhaíochtaí saibhre ó thaobh na gcéadfaí de, ina gcuirtear ar chumas na scoláirí a dtimpeallacht cheoil a fhiosrú agus a gceol féin a chumadh. Is féidir leis na scoláirí sult a bhaint as na gníomhaíochtaí sin, ach freisin, ambuanna pearsanta féin maidir leis an gceol a aithint, léirtheiscint a fhorbairt don cheol agus teacht ar bhealach chun iad féin a chur in iúl tríd an gceol. Is féidir ceol a úsáid chun tacú le hamanna aistrithe trí leas a bhaint as ceol a bhfuil cur amach acu air nó as gnáthaimh cheoil. Is féidir leis na scoláirí a bheith ag súil le hamhráin nó leideanna a bhfuil cur amach acu orthu laistigh de ghnáthamh struchtúrtha. Is féidir leis an scoláire a bheith rannpháirteach freisin i nósanna imeachta nó struchtúir 'tús agus deireadh' i seisiúin cheoil, amhail réamhamhráin nó críochamhráin.

Is féidir ceisteanna a bheith i gceist agus gníomhaíochtaí ceoil na scoláirí á bpleanáil ag múinteoir dóibh.

Is féidir leis na scoláirí dul ag plé le, nó freagair do, na huirlisí ceoil ar bhealach atá feiliúnach dóibh féin amhail

- Cnagadh
- Svaidhpeáil
- Fáisceadh
- Bualadh bos
- Luascadh le rithim
- Gluaiseacht luaile.

Féadfaidh lasca inrochtana a chur le gléasanna ceoil. Is féidir go mbeidh feidhm aige sin maidir le trealamh, teicneolaíocht agus gníomhaíochtaí taiscéalaíocha a roghnú atá oiriúnach do riachtanais na scoláirí. Is féidir gurb é an pointe foghlama tosaigh do scoláirí áirithe ná éirí cleachta, agus ar a gcompond, le fuaimíocht timpeallachtaí ceoil nó uirlisí sainoiriúnaithe. I gcás inar cuí, úsáidtear teicneolaíocht dhigiteach agus oiriúnaitheach chun tacú le foghlaim agus rannpháirtíocht. A bhuí le háiseanna amhairc, uirlisí oiriúnaitheacha, gléasanna cumarsáide, agus leideanna amhairc agus réad, is féidir inniúlacht na scoláirí a fheabhsú chun bheith ag plé leis an modúl.

## Modúl: Ceol

### Tuairisceoir modúil

Gheobhaidh na scoláirí taithí ar chineálacha éagsúla ceoil mar dhuine aonair agus laistigh de ghrúpa, agus glacfaidh siad páirt iontu. Tacaíonn an modúl seo le scoláirí freagairt a chur in iúl tríd an gceol. Beidh an deis ag scoláirí a gceol féin a chumadh.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas                                                                                                                                            | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Cineálacha ceoil agus uirlisí ceoil éagsúla trí thadhall, trí ghluaiseacht, nó trí ghuthaíocht. Déanann na scoláirí fiosrú ar conas gur féidir le ceol freagairt mhothúchánach a spreagadh. | <ul style="list-style-type: none"> <li>a. a chur in iúl cá gcloiseann siad ceol sa ghnáthshaol</li> <li>b. raon uirlisí ceoil agus réad a dhéanann fuaim a fhiosrú</li> <li>c. fuaimeanna agus/nó guthanna difriúla a shainaithint agus freagairt dóibh</li> <li>d. freagairt do ghnéithe ceoil i gcodarsnacht lena chéile (m.sh., ard/bog, tapa/mall, ard/íseal)</li> <li>e. páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gluaiseachta struchtúrtha le ceol</li> <li>f. páirt a ghlacadh i sealaíocht cheoil (m.sh. fanacht lena seal chun uirlis a sheinm nó le freagairt do leid cheoil)</li> <li>g. sainroghanna d'eispéiris éagsúla cheoil a léiriú</li> <li>h. freagairt mhothúchánach do cheol a chur in iúl</li> <li>i. a bheith rannpháirteach le ceol chun scíth a ligean nó le fuinneamh a chur iontu</li> </ul> |
| A gceol féin a chumadh. Is féidir leis na scoláirí úsáid a bhaint as uirlis cheoil, as an nguth nó as dhigiteach le ceol a chumadh.                                                         | <ul style="list-style-type: none"> <li>j. uirlis cheoil a úsáid le fuaim cheolmhar a dhéanamh</li> <li>k. uirlis cheoil a úsáid le fuaimeanna, tuinairdí, rithimí nó maisíochtaí éagsúla a dhéanamh</li> <li>l. teicnící a fhiosrú lena dtacaítear le taispeántais ghutha agus uirlise agus le gnáthaimh cheoil (m.sh. réamhchleachtadh, rithim, patrún, fuarú)</li> <li>m. uirlis cheoil a roghnú lena gceol féin a chumadh</li> <li>n. ceol a chumadh nó a sheinm leo féin agus/nó i ngrúpa</li> <li>o. sleachta as píosa ceoil a sheinm</li> <li>p. freagairt do cheol.</li> </ul>                                                                                                                                                                                                                             |

